# Nuachtlitir

## Scoil Naomh Ciarán

Fón: 095 33 613 Mí na Nollaig 2020

A Chairde,
Is deacair a chreidiúint go bhfuil muid i mí na Nollag cheana féin. Seo cupla pointe tábhachtach le meabhrú agus muid ag druidim leis an Nollag.

**Oíche Cheoil ag an Séipeal Dé Sathairn 05/12/2020**
Beidh an crann Nollag á lasadh in san séipéal oíche Dé Sathairn beag seo, agus ba mhaith le Coiste na dTuismitheoirí dá mbaileoidh na páistí taobh amuigh den séipéal ag seasamh méadar óna chéile chun cupla amhrán Nollag a chanadh. Beidh muid ag cleachtadh ar scoil agus ba bhreá linn dá ndéanfaí cleachtadh sa bhaile freisin.

**National Christmas Jumper Day**
Tá sé i gceist againn páirt a ghlacadh sa National Christmas Jumper Day arís i mbliana ar mhaithe le Oispidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn agus Sráid an Teampaill. Is catharnacht spéisialta é seo agus tá muid an-bhrodúil a bheith in-ann tacaíocht a thabhairt dóibh arís i mbliana. Faraor is iomaí clann a bhíonn ag braith ar a gcuid seirbhisí chuile bhliain. Is ar an Aoine an 11ú lá de mhí na Nollag a bheidh lá na ngeansaithe ar siúl. Bheadh muid fíor bhuíoch as €2 an páiste ach más mian libh níos mó a thabhairt tá míle fáilte róimh.

**Seó Mór na Nollag**
Ní bheidh Seó Mór na Nollag againn i mbliana ach tá sé i gceist againn a theacht le chéile mar scoil sa chlós ag braith ar an aimsir ar an Aoine an 18ú Nollaig chun carúil a chanadh agus ceol na Nollag a sheinm. Déanfaidh muid taiféad ar seo agus cuirfidh muid suas ar shuíomh Facebook na scoile é do na tuismitheoirí.

**Siopa Deas: Bronntanais ordaithe, €8 an páiste.**
Beidh na páistí ag fáil bronntanas Nollaig ó Dhaidí na Nollag i mbliana mar is gnách. Tá costas €8 ar na bronntanais seo, is féidir an t-airgead a chur isteach ar scoil le do pháiste i gclúdach litreach. Cé nach mbeidh sé in-ann cuairt a thabhairt ar an scoil de bharr cúinsí Covid, tá súil againn go gcuirfidh sé teachtaireacht físe chuig na páistí uilig ar an 22ú Nollaig.

**Maisiúcháin Boird na Nollag**
Beidh tuismitheoirí agus gasúir na scoile ag déanamh agus ag díol Maisiúcháin Boird na Nollaig. (Yule Logs) Beidh costas €15 orthu seo agus glacfar le horduithe go dtí an 11ú Nollaig. Is féidir an t-airgead a sheoladh isteach ar scoil i gclúdach litreach.

**Aladdin Schools: Epayments**
Tá muid ag iarraidh laghdú a dhéanamh ar láimhseáil airgid tirim sa scoil de bharr sláinte agus sábháilteacht COVID-19. Tá Epayments socraithe suas ar chóras Aladdin Schools agus is féidir

aon chostaisí scoile a íoc ar seo in ionad a bheith ag seoladh isteach airgead tirim chuig na scoile. Cuirfear amach eolas faoi seo chomh luath is atá sé socraithe suas i gceart.

**Cash for Clobber**

Go raibh míle maith agaibh as ucht bhur gcuid tacaíochta don bhailiúchán Cash for Clobber arís i mbliana. Tá muid fíor bhuíoch do Choiste na dTuismitheoirí a d'eagraigh é ar fad.

**County Photos**

De bharr go raibh srainta léibheal a cúig i bhfeidhm ní raibh County Photos ábalta a bheith linn i mí na Samhna mar a bhí eagraithe againn. Cuirfidh muid ar an eolas sibh nuair a bheidh dáta eile socraithe againn.

**Seachtain Eolaíochta**

D'éirigh go hiontach leis an seachtain eolaíochta in san scoil agus bhain na gasúir an- taitneamh as na turgnamh eolaíochta uilig. Bhí an-spóirt ag na hArdranganna, a rinne mionscrúdú ar DNA banana. Rinne na Bunranganna turgnamh ar lampaí Lava le Máistreás Aishling. Ár míle buíochas le Máistreás Cáit a d'eagraigh na himeachtaí le linn seachtain Eolaíochta.

**Coiste na dTuismitheoirí**

Ba mhaith linn ár mór bhuíochas a chur in iúl do Choiste na dTuismitheoirí. Tá sár obair déanta acu i mbliana. Tá clós agus gairdín na scoile ag féachaint go hálainn. Tá neart rudaí deasa eagraithe acu do na páistí i rith na bliana. Le déanaí, tá geansaithe ceiliúrtha ceannaithe acu do Rang a 6, agus tá fíor-bhród ar Rang a 6 iad a chaitheamh le linn a mbliain dheireanach i Scoil Naomh Ciarán. Cuireann na hathraithe agus na maisiúcháin áille atá le féiceáil timpeall na scoile ardú croí agus meanma orainn ar fad. Tá muid chomh buíoch don Choiste iontach atá againn agus an obair chrua a bhíonn ar siúl acu ar feadh na bliana uilig.

**Buíochas**

Ba mhaith liom, thar ceann an Bhord Bainistíochta, mo mhíle buíochas a ghabh le pobal na scoile uilig. As ucht bhur gcomhoibriú, bhur gcúnamh, bhur dtuiscint. Cinnte, ba tréimhse amhrasach a bhí ann do theaghaigh & d'fhoireann na scoile ag teacht ar ais ar scoil, ach bhí dearcadh dearfach ag gach duine agus muid ag filleadh ar ais. Tá muid chomh sásta bheith ar scoil, ag obair le bhur bpáistí díograiseach, cairdiúil, cineálta, fuinniúil, barúil! ☺ Mór a' bhuíochas libh ar fad as cloí le dea-chleachtais COVID-19 ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht ár bpobal scoile.

**Nollaig Shona**

Beidh leath lae againn ar an 22ú Nollaig, beidh muid ag dúnadh ag 11:00 r.n. Guímid uilig anseo i Scoil Naomh Ciarán Nollaig mhór mhaith & síochánta oraibh féin agus ar bhur gclann uilig, agus gach dea-ghuí don bhliain nua. Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an t-am speisialta seo le chéile le bhur dteaghlaigh. Fanaigí slán agus tabhair aire daoibh féin.

Le gach deá-ghuí,




Éabha Ní Chualáin, Príomhoide
Agus Foireann SNC uilig ☺